An Roinn Oideachais
Department of Education

**Ciorclán: 0030/2022**

**Chuig: Na Boird Bhainistíochta, Príomhoidí agus Múinteoirí in Iar-bhunscoileanna**

**Chuig: Príomhfheidhmeannaigh na mBord Oideachais agus Oiliúna**

# SOCRUITHE DO RANNPHÁIRTÍOCHT NA CIGIREACHTA LE hIAR-BHUNSCOILEANNA
# Aibreán go Meitheamh 2022


**ACHOIMRE**

De réir an chiorcláin seo:

- Tá eolas curtha ar fáil ann faoi obair phleanáilte chomhairleach, meastóireachta agus taighde na Cigireachta i scoileanna do théarma an tsamhraidh 2022

- Tá eolas suas chun dáta curtha ar fáil ann faoi obair na Cigireachta chun tacaíocht a chur ar fáil agus monatóireacht a dhéanamh ar chur i bhfeidhm na ngnásanna frithbhulaíochta i scoileanna i rith an téarma seo

- Tagann sé in áit Chiorclán 0033/2021


## Réamhrá

Ó mhí an Mhárta 2020, tá an Chigireacht tar éis a hobair cigireachta agus chomhairleach a chur in oiriúint i scoileanna chun tionchar na paindéime agus na dúshláin atá roimh scoileanna agus scoláirí a chur san áireamh. Go dtí seo i mbliana, dhírigh an clár cigireachta go príomha ar chigireachtaí teagmhasacha, ar chigireachtaí um chosaint agus chumhdach leanaí agus cuairteanna faoi sholáthar sábháilte na scoileanna a chothú (SSSC). Tá deireadh anois le cuairteanna SSSC.

Tá an Chigireacht ar an eolas faoi thionchar leanúnach Covid-19 i scoileanna agus chomh maith leis sin aithníonn sí an obair bhreise atá á déanamh ag scoileanna chun fáilte a chur roimh scoláirí atá ag teacht ón Úcráin agus chun tacú lena gcuid oideachais.

I bhfianaise thionchar na paindéime agus rollú na scoláirí ón Úcráin inár scoileanna, beidh fócas na gníomhaíochta cigireachta i rith an téarma deiridh ar chosaint leanaí; tacaíocht do scoláirí a bhí buailte go mór le Covid-19, lena n-áirítear iad siúd a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu agus iad siúd atá i mbaol míbhuntáiste oideachais; soláthar oideachais do scoláirí ón Úcráin; agus a chinntiú go dtugtar tacaíocht shásúil do na scoláirí ar fad ina gcuid foghlama. Tá tuilleadh sonraí maidir leis na cineálacha éagsúla gníomhaíochta cigireachta a bheidh ar siúl againn an téarma seo leagtha amach thíos.

## Cigireachtaí teagmhasacha

I rith an téarma ó mhí Aibreán go dtí mí na Bealtaine 2022, leanfaidh an Chigireacht i mbun dearbhú cáilíochta a dhéanamh ar sholáthar oideachais do scoláirí trí chigireachtaí teagmhasacha. Is é an fócas atá againn sna cigireachtaí seo ná a chinntiú go dtugtar tacaíocht do scoláirí ina gcuid foghlama agus go dtugtar tacaíocht do phríomhoidí agus do mhúinteoirí ina gcuid oibre. Leanfaidh na cuairteanna seo ar aghaidh ag dearbhú an dea-chleachtais agus ag déanamh moltaí le haghaidh feabhsúcháin.

Ag an bpointe seo, tá taighde atá ar fáil don Roinn ina dtugtar le fios go raibh roinnt scoláirí a bhfuil leibhéil arda riachtanais acu a bhí ag streachailt chun dul i ngleic ar bhealach fóinteach leis an bhfoghlaim le dhá bhliain anuas. Dá bhrí sin, i rith cigireachtaí teagmhasacha i sampla de scoileanna, beidh an Chigireacht i dteagmháil le bainistíocht na scoile lena dheimhniú cé chomh maith agus a d’éirigh le scoláirí a bhfuil leibhéil arda riachtanais acu dul chun cinn a dhéanamh ina gcuid foghlama ó atosaíodh an teagasc agus an fhoghlaim ar an láthair.

Chomh maith leis sin, beidh roinnt cuairteanna teagmhasacha ar siúl a bheidh ag díriú ar an soláthar do scoláirí as an Úcráin agus ar na tacaíochtaí atá riachtanach le go mbeidh na scoláirí seo in ann dul i dtaithí ar chóras scoile na hÉireann.

Mar atá leagtha amach thíos ina bhfuil tuilleadh sonraí, leanfaidh cuid de na cigireachtaí teagmhasacha ag díriú go háirithe ar chur i bhfeidhm na ngnásanna imeachta frithbhulaíochta i scoileanna.

Ó 3ú Bealtaine 2022, ní bheifear ag leanúint ar aghaidh leis an tréimhse fógra 48 uair an chloig le haghaidh cigireachtaí teagmhasacha a tugadh isteach mar bheart

sealadach i rith an téarma scoile deiridh de bharr nach bhfuil na srianta sláinte poiblí a bhí ar mar bhonn leis an leasú seo i bhfeidhm a thuilleadh.

Rachaidh na cigireachtaí teagmhasacha ar ais go dtí cigireachtaí gan fógra, mar atá leagtha amach sa *Treoir maidir le Cigireacht in Iar-bhunscoileanna.*

## Monatóireacht ar an bhfrithbhulaíocht

I rith an téarma seo, leanfaidh an Chigireacht ag déanamh monatóireachta ar a mhéad agus atá na cúig ghné seo a leanas de na *Gnásanna Frithbhulaíochta do Bhunscoileanna agus d'Iar-bhunscoileanna (2013)* á gcur i bhfeidhm ag na scoileanna:

- A mhéad agus atá polasaithe frithbhulaíochta i bhfeidhm ag scoileanna i gcomhréir leis na *Gnásanna Frithbhulaíochta do Bhunscoileanna agus d'Iar-bhunscoileanna (2013)*
- Tuairisciú na bpríomhoidí chuig an mbord bainistíochta maidir le hábhair fhrithbhulaíochta mar atá sonraithe sna *Gnásanna Frithbhulaíochta do Bhunscoileanna agus d'Iar-bhunscoileanna (2013)*
- Taifeadadh na n-eachtraí d'iompar bulaíochta i gcomhréir leis na *Gnásanna Frithbhulaíochta do Bhunscoileanna agus d'Iar-bhunscoileanna (2013)*
- Cumarsáid maidir le polasaithe frithbhulaíochta na scoileanna leis na baill uile de phobal na scoile (bord bainistíochta, múinteoirí, foghlaimeoirí agus tuismitheoirí) trína bhfoilsiú ar shuíomh gréasáin na scoile nó na polasaithe a chur ar fáil ar bhealaí eile
- Athbhreithnithe bliantúla na mbord bainistíochta maidir le polasaithe frithbhulaíochta agus a gcur i bhfeidhm.

Leanfaidh ne cigirí freisin i mbun plé leis na príomhoidí agus le ceannairí scoile eile maidir leis na gníomhartha atá ar bun ag an scoil le cultúr scoile agus atmaisféar scoile a chruthú a chuireann cosc ar bhulaíocht agus a théann i ngleic léi. Cuirfear nóta gearr i scríbhinn ar fáil don scoil maidir le cinntí na Cigireachta i leith na réimsí fócais thuasluaite; is féidir le scoileanna an nóta seo a úsáid chun cur lena mbearta frithbhulaíochta agus chun aon ghníomhartha riachtanacha a dhéanamh chun iad seo a láidriú.

Is féidir teacht ar níos mó eolais maidir le monatóireacht a dhéanamh ar na bearta frithbhulaíochta i scoileanna sa seimineár gréasáin gearr a d'fhorbair an Chigireacht i mí Mheán Fómhair 2021 agus tá sé ar fáil ar: https://www.gov.ie/ga/ciorclan/98933-socruithe-maidir-le-rannphairtiocht-na-cigireachta-le-hiar-bhunscoileanna-agus-le-hionaid-oideachais-don-scoilbhliain-20212021/

Mar atá curtha in iúl i gCiorclán 033/2021, leathnóidh an Chigireacht a monatóireacht agus a tuairisciú maidir lena oiread agus atá na *Gnásanna Frithbhulaíochta do Bhunscoileanna agus d'Iar-bhunscoileanna* á gcur i bhfeidhm ag scoileanna go dtí cineálacha cigireachta eile atá á reáchtáil i rith an téarma ó mhí Aibreáin go dtí mí an Mheithimh 2022. Sna cásanna seo, beidh an mhonatóireacht ag díriú ar na riachtanais go mbeidh polasaí frithbhulaíochta i bhfeidhm, go ndéanfar tuairisciú ar ábhair bhulaíochta chuig an mbord bainistíochta agus go gcuirfear polasaí frithbhulaíochta na scoile in iúl. San áireamh sa tuarascáil chigireachta, beidh nóta tráchta ar a mhéad agus atá an scoil ag freastal ar na riachtanais seo.

Foilseofar tuarascáil go luath maidir le cur i bhfeidhm ghnéithe na mbeart frithbhulaíochta i mbunscoileanna, scoileanna speisialta agus in iar-bhunscoileanna, bunaithe ar mholtaí na gcigireachtaí teagmhasacha ó thréimhse Mheán Fómhair go dtí Samhain 2021.

## Cigireachtaí eile

Chomh maith le cigireachtaí teagmhasacha, beidh na cigireachtaí seo a leanas san áireamh sa chigireacht:

- **Cigireachtaí um chosaint agus chumhdach leanaí (CCCL)**, a dhéanann monatóireacht ar chur i bhfeidhm *Ghnásanna um Chosaint Leanaí do Bhunscoileanna agus d'Iar-bhunscoileanna 2017* na Roinne i gcomhlíonadh oibleagáidí an Aire faoin *Acht um Thús Áite do Scoláirí 2015.* Beidh na cigireachtaí seo ar siúl i líon beag scoileanna

- **Meastóireachtaí ar sholáthar do scoláirí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu** ina mbreathnófar go mion ar cháilíocht an tsoláthair do scoláirí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu i líon beag scoileanna

- **Cigireachtaí leantacha** chun monatóireacht a dhéanamh ar chur i bhfeidhm na moltaí a eascraíonn as cigireachtaí a rinneadh roimhe seo

- **Cigireachtaí tosaíochta** i líon beag scoileanna de réir mar is gá. Beidh an tsamhail a úsáidtear sna cigireachtaí seo ag brath ar chomhthéacs áirithe na scoile

- **Cuairteanna comhairleacha**: San áireamh anseo, beidh cuairteanna comhairleacha ar scoileanna atá rannpháirteach sa Scéim Aitheantais Scoileanna Gaeltachta agus cuairteanna comhairleacha eile.

## Tuarascálacha téamúla

Cuirfidh cinntí na gcigireachtaí teagmhasacha a reáchtáiltear an téarma seo le líon tuarascálacha Cigireachta téamúla a fhoilseofar i rith 2022. San áireamh anseo beidh na tuarascálacha seo a leanas:

- Cur i bhfeidhm gnásanna frithbhulaíochta i scoileanna
- An teagasc agus an fhoghlaim i gcomhthéacs thionchar Covid
- Soláthar oideachais do scoláirí ag teacht isteach ón Úcráin.

Chomh maith leis sin, foilseofar anailís ar an iomlán ar thorthaí na gcigireachtaí ó na Meastóireachtaí Curaclaim a dhéanfar an téarma seo.

## Meán Fómhair – Nollaig 2022

Tá sé i gceist go n-atosófar na cineálacha cigireachta uile eile, meastóireachtaí ar an scoil uile, cigireachtaí ábhair agus cigireachtaí ar phleanáil gníomhaíochtaí DEIS san áireamh, i dtéarma an fhómhair. Coimeádfar ag déanamh athbhreithnithe ar an gclár cigireachta i bhfianaise comhairle sláinte phoiblí.

## Féinmheastóireacht scoile

***Cuairteanna comhairleacha FMS***

Leanfaidh an Chigireacht ag soláthar cuairteanna comhairleacha féinmheastóireachta scoile (FMS) i rith an téarma ó mhí Aibreáin go dtí mí an Mheithimh 2022. Is féidir le scoileanna iarratas a dhéanamh ar sheisiún comhairleach ach ríomhphost a chur chuig SSE@education.gov.ie.

***An tríú céim de FMS: 2022-2024***

Tá an tríú seal den FMS, a bhí le tosú i mí Mheán Fómhair 2021, ag tosú anois i mí Mheán Fómhair 2022. Thosaigh an próiseas comhairliúcháin i mí an Mhárta le

suirbhéanna Cigireachta ar phríomhoidí i mbunscoileanna, scoileanna speisialta agus in iar-bhunscoileanna. Reáchtáladh suirbhéanna ar mhúinteoirí, tuismitheoirí agus ar dhaltaí/scoláirí freisin i sampla de scoileanna. Gabhann an Chigireacht buíochas leo siúd ar fad a d'fhreagair na suirbhéanna. Chuir na freagraí léargais luachmhara ar fáil ó thaobh dearcthaí éagsúla maidir le cad atá ag obair go maith, cad é a d'fhéadfadh a bheith mar an chéad fhócas eile den FMS, agus cad iad na gníomhartha eile a d'fhéadfaí a dhéanamh chun tacú le húsáid FMS agus le tuilleadh forbartha FMS in iar-bhunscoileanna. Cuirfidh cinntí na suirbhéanna seo leis an gcomhairliúchán níos leithne i mí na Bealtaine 2022. Foilseofar ciorclán agus acmhainní chun tacú le FMS tar éis an chomhairliúcháin.

## Tacaíochtaí nua chun rannpháirtíocht scoláirí agus tuismitheoirí sa chigireacht a chur chun cinn

Beidh sraith nua acmhainní maidir leis an gcigireacht, ina bhfuil físeáin bheochana, r-bhileoga agus r-leabhrán i gceist, ar fáil go luath do scoláirí agus do thuismitheoirí. Tugann na hacmhainní tacaíocht dá rannpháirtíocht eolach sa phróiseas cigireachta. Foilseofar na hábhair ar www.gov.ie.

Harold Hislop
Príomhchigire
oci@education.gov.ie

26 Aibreán 2022